Ag baint úsáide as Excel chun Grafáil a dhéanamh ar Scóranna na dTrialacha Caighdeánaithe

Ag Ullmhú do Scarbhileoige:

Oscail scarbhileog Microsoft Excel. Breathnaíonn an leathanach oscailte mar seo:



Beidh do chúrsóir le feiceáil mar ghnáthchúrsa i gcill A1, is é sin colún A, sraith 1.

Tar éis na trialacha caighdeánaithe a riaradh seans gur mhaith leat an t-iomlán a fháil ar líon na ndaltaí a fuair an 15^{ú} peircintíl, nó a bhí ag nó faoi bhun an 25^{ú} percintíl, agus mar sin de.

Banda Peircintíle	Scoil (daltaí i ranganna I - VI)
1-15ú	36
16ú -25ú	29
26ú -75ú	58
76ú-85ú	32
86ú-99ú	17

Cuir an t-eolas thuas isteach ar an scarbhileog mar seo.
Cuir an banda peircintíle isteach i gcolún A. Cuir an líon daltaí a bheidh i ngach colún peircintíle isteach i gcolún B.
Muna dtéann an téacs isteach i gcealla amháin, cuir an cursóir idir colún A agus colún B, go dtí go mbíonn pointe dúbailte le feiceáil. Cliceáil faoi dhó ar chlé agus déanfar athmhéadú ar an gcolún sa tslí is go mbeidh an téacs ar fad le feiceáil i gcolún amháin.

Nuair a cuirtear an téacs go léir isteach, is mar seo a bhreathnóidh do scarbhileog:



	A	B	C	D	E	F	G	H	I
1	1-15th	36							
2	16th-25th	29							
3	26th-75th	58							
4	76th-85th	32							
5	86th-99th	17							
6									
7									
8									
9									
10									
11									
12									

Cuir teideal ar gach colún tríd an gcúrsóir a bhogadh thar theideal sraithe uimhir a haon, cliceáil ar dheis agus cliceáil ar 'Insert'. Cuirfidh sé seo sraith nua isteach. (Is féidir an fheidhm chéanna a úsáid chun sraith a ghlanadh amach). Cuir isteach na teidil a oireann do na sraithe i gceallaí A1 agus B1, ar nós Banda Perceintíle in A1 agus Líon na nDaltaí sa Scoil i B1.



	A	B	C
1	**Percentile Bands**	**Number of Children in School**	
2	1-15th	36	
3	16th-25th	29	
4	26th-75th	58	
5	76th-85th	32	
6	86th-99th	17	
7			
8			

Chun na Sonraí a Aistriú mar Amharc-Fhormáid

Bíonn an t-amharc léiriú ar na cairteacha tarraingteach agus bíonn sé éasca ar na húsáideoirí comparáidí, pátrúin agus treochtaí a léamh ar na sonraí. Trí na treoracha thíos a leanúint is féidir an t-eolas atá curtha isteach agat a léiriú i bhformáid éagsúla ar nós barra-chairt, píog-chairt agus mar sin de.

Cruthaítear cairt trí aibhsiú a dhéanamh ar na sonraí sa tábla. Chun é seo a dhéanamh, cuir do chúrsóir os cionn 1 agus roimh A – is ionann e seo agus an feidhm 'Select All'. Cliceáil ansin ar **Insert** >> **Chart**. Roghnaigh pé formáid is rogha leat, mar shampla, Píog-Chairt, Líne-Chairt, agus mar sin de. Lean na treoracha atá le fáil ar an draoi-chairt. Seans gur mhaith leat **Bandaí Peircintíle** a chuir isteach ar an x-ais agus **Líon na nDaltaí sa Scoil** a chuir mar léiriú ar an y-ais. Nuair a tugtar an nod duit, pioc an rogha a cheadaíonn an t-eolas a chur ar leathanach ar leith, ar mhaithe len é a fheiceáil go héasca.